**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

**TÉACSANNA ARNA nGLACADH**

# P10_TA(2026)0140

## An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus Rialacháin leasaitheacha

### Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 29 Aibreán 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) Uimh. 649/2012 agus (AE) 2019/1021 (COM(2025)0386 – C10-0141/2025 – 2025/0207(COD))[1]

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

---

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0093/2026).

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de bheith ag rannchuidiú le ***cur chun feidhme agus forfheidhmiú*** reachtaíocht agus bheartais an Aontais a bhaineann le guaiseacha, rioscaí ***agus úsáid shábháilte*** substaintí ceimiceacha chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol, feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i mbainistiú ceimiceán ar fud an Aontais ***a bhaint amach***, agus iomaíochas agus nuálaíocht á bhfeabhsú an tráth céanna, agus riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide á gcur ***san áireamh*** agus ***roghanna malartacha ar thástáil ar ainmhithe*** á gcur chun cinn. | (9) Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de bheith ag rannchuidiú le reachtaíocht agus beartais an Aontais a bhaineann le guaiseacha, rioscaí***, úsáid shábháilte,*** agus ***inbhuanaitheacht comhshaoil*** substaintí ceimiceacha ***agus grúpaí díobh, meascán ceimiceach agus earraí ceimiceacha a chur*** chun ***feidhme agus a fhorfheidhmiú chun go mbainfí amach*** ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol, ***lena n-áirítear grúpaí leochaileacha a chosaint,*** feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i mbainistiú ceimiceán ar fud an Aontais, agus iomaíochas agus nuálaíocht á bhfeabhsú an tráth céanna, agus riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide á gcur ***i gcuntas chun caighdeáin maidir le sláinte cheirde a choimirciú*** agus ***a fheabhsú tuilleadh agus lena gcuirtear chun cinn cuir chuige nach mbíonn*** ainmhithe ***i gceist leo agus modheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn***. ***Trína cuspóirí agus a cúraimí a bhaint amach, rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme iomlán chuspóirí na gConarthaí agus, go háirithe, de bhun*** |

***Airteagal 191(2) CFAE, go mbeidh an beartas comhshaoil sin bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar na prionsabail gur cheart bearta coisctheacha a dhéanamh, gur cheart damáiste don chomhshaol a cheartú ag an bhfoinse mar thosaíocht agus gur cheart gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as.***

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(10a)Chun an cumas atá ag údaráis inniúla na mBallstát a threisiú agus chun rannchuidiú le hobair na n-údarás sin, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann oifigigh agus seirbhísigh eile atá fostaithe aici, chun leasa na seirbhíse agus i gcomhréir le hAirteagal 37 de na Rialacháin Foirne de Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA)[1a] agus Airteagal 51 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile de Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), a thabhairt ar iasacht d'údaráis inniúla na mBallstát nó do chomhlachtaí poiblí eile a gcuirtear cúraimí a bhaineann le sainordú na Gníomhaireachta ar a n-iontaoibh.*** |
| | ***[1a] Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), lena leagtar síos Rialacháin Foirne na nOifigeach agus Coinníollacha*** |

***Fostaíochta Sheirbhísigh Eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (IO 45, 14.6.1962, lch. 1385, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1962/31(1)/oj).***

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ba cheart struchtúr na Gníomhaireachta a bheith oiriúnach dá cúraimí agus ba cheart an taithí a fuarthas ó fheidhmiú agus ó fheidhmíocht na Gníomhaireachta ó bunaíodh í a chur ***san áireamh***. Tá sé ***ríthábhachtach*** a áirithiú go mbeidh sé d’acmhainn ag an nGníomhaireacht a cúraimí a dhéanamh le hardacmhainneachtaí eolaíocha agus teicniúla chun an cháilíocht is airde is féidir a áirithiú. ***Ós rud é go bhfuil muinín as an nGníomhaireacht ag institiúidí an Aontais, ag na Ballstáit, ag an bpobal i gcoitinne agus ag páirtithe leasmhara ríthábhachtach, ba cheart di a cúraimí a chur i gcrích go trédhearcach agus go héifeachtúil.*** | (11) Ba cheart struchtúr na Gníomhaireachta a bheith oiriúnach dá cúraimí agus ba cheart an taithí a fuarthas ó fheidhmiú agus ó fheidhmíocht na Gníomhaireachta ó bunaíodh í a chur ***i gcuntas***. Tá sé ***bunriachtanach*** a áirithiú go mbeidh sé d’acmhainn ag an nGníomhaireacht a cúraimí a dhéanamh le hardacmhainneachtaí eolaíocha agus teicniúla chun an cháilíocht is airde is féidir a áirithiú. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an* | *Leasú* |
|---|---|

*gCoimisiún*

***(11a)Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith lárnach chun a áirithiú go mbeidh creidiúnacht ag an reachtaíocht maidir le ceimiceáin agus ag na próisis chinnteoireachta agus ag an mbonn eolaíoch is bonn léi leis na geallsealbhóirí uile agus leis an bpobal i gcoitinne. Ba cheart ról lárnach a bheith ag an nGníomhaireacht freisin maidir le comhordú a dhéanamh ar chumarsáid i ndáil leis an reachtaíocht maidir le ceimiceáin agus maidir lena cur chun feidhme. Tá muinín as an nGníomhaireacht ag institiúidí an Aontais, ag na Ballstáit, ag an bpobal i gcoitinne agus ag páirtithe leasmhara, dá bhrí sin, bunriachtanach. Ar an gcúis sin, tá sé ríthábhachtach a neamhspleáchas, a ardacmhainneachtaí eolaíocha, teicniúla agus rialála, chomh maith le trédhearcacht agus éifeachtúlacht, a áirithiú. Ina theannta sin, ba cheart rialacha soiléire agus éifeachtacha a bhunú chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus níor cheart saineolaithe a cheapadh chuig Coistí i gcás inarb ann d'ábhair imní réasúnacha maidir le coinbhleachtaí leasa.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart na cumhachtaí is gá a thabhairt do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta, go háirithe chun an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí CMR agus CASE agus an Bhoird Achomhairc a cheapadh, agus chun an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, an doiciméad clársceidealaithe, an buiséad bliantúil, agus na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh. Ba cheart ionadaíocht a bheith ag an gCoimisiún, ag Parlaimint na hEorpa agus ag na Ballstáit ar an mBord Bainistíochta chun ***maoirseacht*** éifeachtach a dhéanamh air. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart don Choimisiún páirtithe leasmhara nach bhfuil cearta vótála acu a cheapadh ar an mBord Bainistíochta. | (13) Ba cheart na cumhachtaí is gá a thabhairt do Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta, go háirithe chun an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí CMR agus CASE agus an Bhoird Achomhairc a cheapadh, agus chun an tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite ar ghníomhaíochtaí, an doiciméad clársceidealaithe, an buiséad bliantúil, agus na rialacha airgeadais is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht a ghlacadh. Ba cheart ionadaíocht a bheith ag an gCoimisiún, ag Parlaimint na hEorpa agus ag na Ballstáit ar an mBord Bainistíochta chun ***formhaoirseacht*** éifeachtach a dhéanamh air. Ar mhaithe le trédhearcacht, ba cheart don Choimisiún páirtithe leasmhara nach bhfuil cearta vótála acu a cheapadh ar an mBord Bainistíochta ***agus ba cheart raon leathan de réimsí ábhartha saineolais a bheith i gceist leo***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a)Ciallaíonn ról na Gníomhaireachta mar phointe tagartha eolaíoch neamhspleách nach amháin gur féidir leis an gCoimisiún tuairim eolaíoch a iarraidh, ach gur féidir le Parlaimint na hEorpa agus na Ballstáit*** |

***tuairim eolaíoch a iarraidh freisin. Chun inláimhsitheacht agus comhsheasmhacht phróiseas na comhairle eolaíche a áirithiú, ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann diúltú d'iarraidh nó moladh a dhéanamh iarraidh a leasú, agus údar cuí á thabhairt i gcás diúltú, ar bhonn critéir réamhchinntithe.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Tá tuairimí eolaíocha soláthraithe ag CMR maidir le meastóireachtaí ar Theorainnluachanna Nochta Ceirde ('OELanna'), agus ar ghnéithe eile atá ábhartha maidir le nochtadh ceirde do cheimiceáin ghuaiseacha amhail teorainnluachanna bitheolaíocha i gcás ceimiceáin ghuaiseacha i gcomhthéacs Airteagal 3 de Threoir 98/24/CE ón gComhairle[11]. Airteagail 16, 16a agus 18a de Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus Airteagail 18c agus 22a de Threoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] ar bhonn comhaontú *ad hoc* idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht san am a chuaigh thart. Ós rud é gur gnách an cúram sin a dhéanamh agus chun an cleachtas sin a chomhdhlúthú, ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo gur cheart do CMR ***tuairimí den sórt*** sin a | (16) Tá tuairimí eolaíocha soláthraithe ag CMR maidir le meastóireachtaí ar Theorainnluachanna Nochta Ceirde ('OELanna'), agus ar ghnéithe eile atá ábhartha maidir le nochtadh ceirde do cheimiceáin ghuaiseacha amhail teorainnluachanna bitheolaíocha i gcás ceimiceáin ghuaiseacha i gcomhthéacs Airteagal 3 de Threoir 98/24/CE ón gComhairle[11]. Airteagail 16, 16a agus 18a de Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] agus Airteagail 18c agus 22a de Threoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] ar bhonn comhaontú *ad hoc* idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht san am a chuaigh thart. Ós rud é gur gnách an cúram sin a dhéanamh agus chun an cleachtas sin a chomhdhlúthú, ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo gur cheart do CMR ***na tuairimí*** sin a |

sholáthar arna iarraidh sin don Choimisiún. Ina theannta sin, ba cheart do CMR, ***tuairimí eolaíocha a sholáthar*** maidir le gach ábhar eile a bhaineann le guaiseacha, rioscaí agus úsáid shábháilte substaintí ceimiceacha, astu féin, i meascáin nó in earraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, míreanna 1, 2 agus 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006***, arna iarraidh sin don Choimisiún***.

---

[11] Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d’oibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/24/oj).

[12] Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/37/oj).

[13] Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair (IO

sholáthar arna iarraidh sin don Choimisiún. Ina theannta sin, ba cheart do CMR, ***arna iarraidh sin don Choimisiún, do Pharlaimint na hEorpa nó do na Ballstáit tuairimí eolaíocha*** maidir le gach ábhar eile a bhaineann le guaiseacha, rioscaí agus úsáid shábháilte substaintí ceimiceacha, astu féin, i meascáin nó in earraí ***a sholáthar*** mar a shainmhínítear in Airteagal 3, míreanna 1, 2 agus 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

---

[11] Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh d’oibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/24/oj).

[12] Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí, do shó-ghineacha nó do shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/37/oj).

[13] Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair (IO

| | |
|---|---|
| L 330, 16.12.2009, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/148/oj). | L 330, 16.12.2009, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/148/oj). |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Ba cheart don Bhord Bainistíochta rialacha nós imeachta an Choiste um Measúnú Riosca (CMR), an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), Choiste na mBallstát, an Choiste um Tháirgí Bithicídeacha (CTB) agus an Choiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST) a ghlacadh, lena n-áirítear na socruithe nós imeachta le haghaidh mheithleacha na gCoistí. Chun go bhfeidhmeoidh an Coimisiún a fhormhaoirseacht, ba cheart ***d'ionadaithe*** an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta ***na*** rialacha nós imeachta ***a fhormheas, gan*** neamhspleáchas na gCoistí agus a meithleacha ***a chur i mbaol***. | (18) Ba cheart don Bhord Bainistíochta rialacha nós imeachta an Choiste um Measúnú Riosca (CMR), an Choiste um Anailís Shocheacnamaíoch (CASE), Choiste na mBallstát ***(MSC)***, an Choiste um Tháirgí Bithicídeacha (CTB) agus an Choiste Eolaíoch um Shábháilteacht Tomhaltóirí (CEST) a ghlacadh, lena n-áirítear na socruithe nós imeachta le haghaidh mheithleacha na gCoistí. Chun go bhfeidhmeoidh an Coimisiún a fhormhaoirseacht, ba cheart ***don Stiúrthóir Feidhmiúcháin dul i gcomhairle le hionadaithe*** an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta ***agus*** rialacha nós imeachta ***CMR, CASE agus CEST á n-ullmhú aige***, ***lena gcoimeádtar*** neamhspleáchas na gCoistí agus a meithleacha. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart tuairimí CMR agus CASE a bheith bunaithe ar an saineolas eolaíoch agus | (19) Ba cheart tuairimí CMR agus CASE a bheith bunaithe ar an saineolas eolaíoch agus |

| | |
|---|---|
| teicniúil is leithne is féidir atá ar fáil laistigh den Aontas. Chuige sin, ***ba cheart do*** gach Ballstát beirt chomhaltaí ***a ainmniú do*** CMR agus CASE faoi seach agus ***ba cheart dóibh a bheith*** i dteideal suas le beirt chomhaltaí ***breise*** a ainmniú. Ba cheart an deis a bheith ag CMR, CASE, CTB agus CEST comhaltaí a chomhthoghadh agus brath ar sheirbhísí saineolaithe, agus an t-ualach oibre, an cineál saineolais is gá agus infhaighteacht acmhainní airgeadais á gcur i gcuntas. | teicniúil is leithne is féidir atá ar fáil laistigh den Aontas. Chuige sin ***agus chun a áirithiú go mbeidh CMR agus CASE ag feidhmiú go hiomlán***, ***tá sé bunriachtanach go n-ainmneoidh*** gach Ballstát beirt chomhaltaí ***le haghaidh*** CMR agus CASE faoi seach agus ***go mbeidh siad*** i dteideal suas le beirt chomhaltaí ***sa bhreis*** a ainmniú. Ba cheart an deis a bheith ag CMR, CASE, CTB agus CEST comhaltaí a chomhthoghadh agus brath ar sheirbhísí na saineolaithe, agus an t-ualach oibre, an cineál saineolais is gá***, cothromaíocht gheografach*** agus infhaighteacht acmhainní airgeadais á gcur i gcuntas. ***Ba cheart do chomhaltaí na gCoistí an saineolas is gá a léiriú chun na cúraimí a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht a chomhlíonadh go cuí. Ba cheart don Ghníomhaireacht a bheith in ann cúnamh a thabhairt do na Ballstáit chun próifílí ábhartha le haghaidh ballraíocht in CMR, CASE agus CTB a shainaithint, i gcás ina n-iarrann na Ballstáit amhlaidh.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a)Ba cheart don Ghníomhaireacht Tionól de gheallsealbhóirí creidiúnaithe a chur ar bun, ar cheart é a bheith d'aidhm aige an*** |

***caidreamh le geallsealbhóirí creidiúnaithe a threisiú, agus a rannchuidiú le cúraimí na Gníomhaireachta a éascú agus ionadaíocht chothrom idir ionadaithe tionscail agus ionadaithe na sochaí sibhialta á háirithiú an tráth céanna.***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21b) Chun comhar eolaíoch a fheabhsú agus chun tacú le hobair na Gníomhaireachta, is gá líonrú na n-údarás, na ngníomhaireachtaí agus na n-institiúidí taighde náisiúnta a oibríonn i réimsí inniúlachta shainordú na Gníomhaireachta a chur chun cinn. Is é is aidhm don líonrú sin malartú faisnéise, comhordú gníomhaíochtaí, agus an fhorbairt ar chomhthionscadal a chothú, chomh maith le comhroinnt saineolais agus dea-chleachtas. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart liosta d'údaráis, de ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí taighde náisiúnta arna n-ainmniú ag na Ballstáit a tharraingt suas, lena gcuirfí ar chumas na n-údarás, na ngníomhaireachtaí agus na n-institiúidí taighde náisiúnta sin, cúnamh a thabhairt don Ghníomhaireacht le cúraimí amhail obair ullmhúcháin le haghaidh tuairimí eolaíocha, bailiú sonraí, agus rioscaí atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***ag teacht chun cinn a shainaithint.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23a)Ba cheart leithdháileadh an chistithe iomchuí don fhoireann agus costais riachtanacha eile a bheith ag gabháil leis an ualach oibre breise a eascraíonn as méadú ar chúraimí agus ar fhreagrachtaí a leithdháiltear ar an nGníomhaireacht. Mar chuid den dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair, ba cheart don Bhord Bainistíochta measúnú a dhéanamh ar leorgacht a acmhainní airgeadais agus daonna chun na cúraimí atá air faoi láthair agus a bheidh air amach anseo a chur i gcrích.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Bhí deacrachtaí ag an nGníomhaireacht an t-ioncam ó tháillí agus ó mhuirir a thuar go cruinn fiú leis na teicnící staidrimh is forbartha mar gheall ar easpa na faisnéise faoi thiománaithe an éilimh ó shealbhóirí dualgais. Bíonn tionchar aige sin ar oibríochtaí na | (25) Bhí deacrachtaí ag an nGníomhaireacht an t-ioncam ó tháillí agus ó mhuirir a thuar go cruinn fiú leis na teicnící staidrimh is forbartha mar gheall ar easpa na faisnéise faoi thiománaithe an éilimh ó shealbhóirí dualgais. ***Geallann an Ghníomhaireacht a*** |

Gníomhaireachta agus ní mór don Bhord Bainistíochta leasuithe a dhéanamh arís agus arís eile ar an mbuiséad. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an nGníomhaireacht cúlchiste ***a chruthú*** ó bharrachas a hioncaim ó tháillí agus ó mhuirir, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Cuirfidh sé sin ar a cumas don Ghníomhaireacht na hiarmhairtí a bhaineann le luaineacht mhór ioncaim ó tháillí agus muirir a mhaolú. Go sonrach, ***trí chúlchiste den sórt*** sin ***a chruthú***, beidh an Ghníomhaireacht in ann inbhuanaitheacht a samhla maoiniúcháin a mhéadú gan dochar do ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus don chlárú airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart na rialacha mionsonraithe maidir le paraiméadair, ríomh agus oibriú an chúlchiste a leagan síos i rialacha airgeadais na Gníomhaireachta agus ba cheart na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a áireamh iontu. Ba cheart go leanfadh ríomh mhéid na ranníocaíochta bliantúla leis an gcúlchiste nó an mhéid a chuirtear ar fáil ón gcúlchiste, atá le háireamh i ndréachtbhuiséad na Gníomhaireachta, modheolaíocht a chuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm go meicniúil gach bliain.

***modhanna tuartha a fheabhsú go leanúnach.*** Bíonn tionchar aige sin ar oibríochtaí na Gníomhaireachta agus ní mór don Bhord Bainistíochta leasuithe a dhéanamh arís agus arís eile ar an mbuiséad. Dá bhrí sin, ba cheart cead a bheith ag an nGníomhaireacht cúlchiste ó bharrachas a hioncaim ó tháillí agus ó mhuirir ***a chruthú***, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa Rialachán seo. Cuirfidh sé sin ar a cumas don Ghníomhaireacht na hiarmhairtí a bhaineann le luaineacht mhór ioncaim ó tháillí agus muirir a mhaolú. Go sonrach, ***le cruthú an chúlchiste*** sin, beidh an Ghníomhaireacht in ann inbhuanaitheacht a samhla maoiniúcháin a mhéadú gan dochar do ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus don chlárú airgeadais ilbhliantúil. Ba cheart na rialacha mionsonraithe maidir le paraiméadair, ríomh agus oibriú an chúlchiste a leagan síos i rialacha airgeadais na Gníomhaireachta agus ba cheart na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a áireamh iontu. Ba cheart go leanfadh ríomh mhéid na ranníocaíochta bliantúla leis an gcúlchiste nó an mhéid a chuirtear ar fáil ón gcúlchiste, atá le háireamh i ndréachtbhuiséad na Gníomhaireachta, modheolaíocht a chuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm go meicniúil gach bliain. ***Is cás eisceachtúil é bunú an chúlchiste sin le haghaidh gníomhaireacht de chuid an Aontais atá féinmhaoinithe go páirteach agus a oibríonn faoin tsamhail bhuiséadach uilíoch agus ní dhéantar fasach leis do***

***ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais.***

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(26) Chun gur féidir aghaidh a thabhairt ar na luaineachtaí móra in ioncam na Gníomhaireachta ó tháillí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis na coinníollacha sonracha a shainítear don chúlchiste a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[20]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid*** | ***scriosta*** |

***saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.***

______________

***[20] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de ról gníomhach a bheith aici sa taighde agus sa nuálaíocht, agus cúnamh á thabhairt aici do na Ballstáit agus don Choimisiún ionadú na gceimiceán is díobhálaí a chur chun cinn agus modhanna eolaíocha a fhorbairt, go háirithe cineálacha cur chuige ***saor ó ainmhithe,*** chun measúnú a dhéanamh ar ghuaiseacha ceimiceán chomh maith le rioscaí agus tionchair shocheacnamaíocha a n-úsáide. | (31) Ba cheart don Ghníomhaireacht leanúint de ról gníomhach a bheith aici sa taighde agus sa nuálaíocht, agus cúnamh á thabhairt aici do na Ballstáit agus don Choimisiún ***chun*** ionadú na gceimiceán is díobhálaí ***agus ceimiceán guaiseach eile agus grúpaí díobh*** a chur chun cinn agus ***chun*** modhanna eolaíocha a fhorbairt, go háirithe cineálacha cur chuige ***nach mbíonn*** ainmhithe ***i gceist leo agus modheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn***, chun measúnú a dhéanamh ar ghuaiseacha ceimiceán ***agus ar ghrúpaí ceimiceán*** chomh maith le rioscaí agus tionchair shocheacnamaíocha a n-úsáide. ***I gcás inarb iomchuí, ba cheart don Ghníomhaireacht rannchuidiú leis an taighde ar na naisc idir an nochtadh do cheimiceáin ghuaiseacha agus na tionchair dhiúltacha ar an tsláinte i réimse na heaspósómaíochta, is é sin*** |

***tiomsú comhtháite na dtosca fisiceacha, ceimiceacha, bitheolaíocha agus síceasóisialta uile, agus a n-idirghníomhaíochtaí, a mbíonn tionchar acu ar an mbitheolaíocht agus ar an tsláinte.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(31a)Is féidir ról ríthábhachtach a bheith ag comhar neartaithe idir gníomhaireachtaí an Aontais trína áirithiú go bhfuil fianaise eolaíoch ailínithe, trí eolas a dhéanamh níos inrochtana do na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena soláthraítear treoir straitéiseach maidir le cistiú taighde an Aontais, agus lena ndéantar rannpháirtíocht le tionscadail taighde agus nuálaíochta leanúnacha a éascú. Is léir gur tionscnamh rathúil é an tascfhórsa trasghníomhaireachta 'Aon Sláinte Amháin' idir an Ghníomhaireacht, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), a bunaíodh in 2023, chun comhar trasdisciplíneach idir na cúig ghníomhaireacht sin de chuid*** |

***an Aontais a neartú, chun cabhrú leo aghaidh níos fearr a thabhairt ar dhúshláin do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe, do shláinte plandaí agus do shláinte an chomhshaoil agus chun rannchuidiú go rathúil le cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun feidhme san Eoraip. Ós rud é go dtiocfaidh deireadh leis an tionscnamh sin in 2026, ba cheart cineál comhair trasdisciplínigh níos buaine agus níos seanbhunaithe a bhunú leis an Rialachán seo, lena ngabhann tascfhórsa buan arb é is aidhm dó tógáil ar obair an tascfhórsa 'Aon Sláinte Amháin' agus raon feidhme a chuid oibre a leathnú chuig cuir chuige eile, amhail easpósóm, lena gcuimsítear freisin creat an Aon Chórais Amháin, lena bhforáiltear do chur chuige iomlánaíoch, atá bunaithe ar chóras i leith measúnú riosca comhshaoil ar cheimiceáin. Ba cheart EU-OSHA a áireamh sa chreat buan sin freisin. Ba cheart do na Gníomhaireachtaí atá sa tascfhórsa fís chomhchoiteann agus cuspóirí comhcoiteanna a leagan amach don tascfhórsa sin, agus obair á déanamh i dtreo comhar trasdisciplíneach níos buaine agus níos seanbhunaithe a bheith ann idir gníomhaireachtaí an Aontais. Ba cheart dóibh a bheith in ann gníomhaíochtaí comhordaithe a phleanáil agus raon feidhme a gcomhair a leathnú trí phleananna bliantúla gníomhaíochta.***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(37a)Rinneadh measúnú[1a] ar impleachtaí an Rialacháin seo ar bhuiséad an Aontais de bhun Airteagal 310(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a leithdháileadh chun é a chur chun feidhme, agus tionchar an mhaoinithe ar chláir nó beartais eile de chuid an Aontais á mheas an tráth céanna agus lena n-áirithítear a chomhoiriúnacht leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil, leis an gcóras acmhainní dílse agus leis an gcomhaontú idirinstitiúideach comhfhreagrach, chomh maith leis na prionsabail bhuiséadacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1b].*** |
| | ***[1a] Pro memoria: Measúnú buiséadach ón gCoiste um Buiséid i bParlaimint na hEorpa an (XX) 2026 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1907/2006, (AE) Uimh. 528/2012, (AE) Uimh. 649/2012 agus (AE) 2019/1021 (COM(2025)0386).*** |

***[1b] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).***

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is i Heilsincí na Fionlainne a bheidh suíomh na Gníomhaireachta***, mar a cinneadh sa Chomhaontú Coiteann idir Ionadaithe na mBallstát an 13 Nollaig 2003 (2004/97/CE, Euratom)***[25]. | Is i Heilsincí na Fionlainne a bheidh suíomh na Gníomhaireachta. |

***[25] 2004/97/CE, Euratom: Cinneadh a rinneadh de chomhthoil idir Ionadaithe na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh ar leibhéal na gCeannairí Stáit nó ar leibhéal an Rialtais an 13 Nollaig 2003, maidir le suíomh oifigí agus gníomhaireachtaí áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú (IO L 29, 3.2.2004, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/97(1)/oj).***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartais an Aontais a bhaineann le guaiseacha, rioscaí ***agus*** úsáid shábháilte substaintí ceimiceacha, meascán ceimiceach agus earraí ceimiceacha, soláthróidh sí tuairimí eolaíocha agus comhairle eolaíoch agus faisnéis neamhspleách maidir le gach ábhar laistigh den réimse sin agus ***déanfaidh*** sí ***cumarsáid*** maidir ***leis*** na hábhair sin. | 1. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme agus forfheidhmiú reachtaíocht agus bheartais an Aontais a bhaineann le guaiseacha, rioscaí***,*** úsáid shábháilte ***agus inbhuanaitheacht comhshaoil*** substaintí ceimiceacha, meascán ceimiceach agus earraí ceimiceacha, soláthróidh sí tuairimí eolaíocha agus comhairle eolaíoch agus faisnéis neamhspleách maidir le gach ábhar laistigh den réimse sin***, déanfaidh sí faireachán ar rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn*** agus ***baileoidh nó ginfidh*** sí ***sonraí*** maidir ***le ceimiceáin, agus cuirfidh sí*** na hábhair sin ***in iúl***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus a cuspóirí á gcomhlíonadh ***ag an nGníomhaireacht***, ***beidh sé d'aidhm aici rannchuidiú*** le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol, ***le saorchúrsaíocht substaintí sa mhargadh inmheánach agus le*** comhleanúnachas agus comhsheasmhacht i measúnú agus i mbainistiú ceimiceán ar fud an Aontais, ***agus iomaíochas agus nuálaíocht á bhfeabhsú*** an tráth céanna***,*** agus riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') ***á gcur*** | 2. Agus a cuspóirí á gcomhlíonadh ***aici***, ***rannchuideoidh an Ghníomhaireacht*** le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ***a áirithiú***, ***lena n-áirítear grúpaí leochaileacha a chosaint. Beidh sé d'aidhm ag an nGníomhaireacht cáilíocht,*** comhleanúnachas agus comhsheasmhacht ***a sholáthar*** i measúnú agus i mbainistiú ceimiceán ar fud an Aontais, ***rud atá ríthábhachtach chun saorchúrsaíocht substaintí sa*** |

| | |
|---|---|
| ***san áireamh*** mar ***atá sainmhínithe*** sa Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide[26] a ***shainmhíniú agus roghanna malartacha ar thástáil ainmhithe a chur*** chun cinn. | ***mhargadh inmheánach a áirithiú, agus lena rannchuidítear*** an tráth céanna ***leis an iomaíochas*** agus ***nuálaíocht a fheabhsú, lena ndéantar*** riachtanais shonracha fiontar beag agus meánmhéide ('FBManna') ***a chur i gcuntas*** mar ***a shainmhínítear*** sa Mholadh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide[26] ***agus lena neartaítear an saineolas maidir le ceimiceáin dhíobhálacha agus grúpaí de cheimiceáin dhíobhálacha*** a ***ionadú, chomh maith leis an bhforbairt*** ar ***chuir chuige, agus úsáid cur chuige nach mbíonn*** ainmhithe ***i gceist leo agus ar mhodheolaíochtaí atá ag teacht*** chun cinn. |

[26] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj)

[26] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2003/361/oj)

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tacaíocht theicniúil agus eolaíoch, treoir, uirlisí TF agus bonneagar digiteach a sholáthar chun an Rialachán seo agus reachtaíocht ***earnála*** an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú agus | (b) tacaíocht theicniúil agus eolaíoch, treoraíocht, uirlisí TF agus bonneagar digiteach a sholáthar chun an Rialachán seo agus reachtaíocht ***earnálach*** an Aontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú |

| | |
|---|---|
| riachtanais shonracha FBManna ***á gcur san áireamh mar aon leis an sprioc roghanna malartacha*** a chur in ionad tástáil ar ainmhithe i gcás inar féidir ***sin ó thaobh na heolaíochta de***; | agus ***aird á tabhairt ar na cuspóirí maidir le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú, ar chaighdeáin maidir le sláinte cheirde, ar*** riachtanais shonracha FBManna ***agus ar an gceanglas maidir le cuir chuige nach mbíonn ainmhithe i gceist leo*** a chur in ionad tástáil ar ainmhithe i gcás inar féidir ***go heolaíoch***; |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe g a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ga) a áirithiú go ndéanfar coinbhleachtaí leasa a chosc nó a bhainistiú, chun a neamhspleáchas agus a hinchreidteacht le geallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne a áirithiú;*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó do Bhallstát, tuairimí eolaíocha agus cúnamh teicniúil a sholáthar i réimse a thagann faoi réim a hinniúlachtaí;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 – pointe k b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(kb) oiliúint bhliantúil a chur ar fáil do bhaill foirne agus do chomhaltaí coiste, agus eolas a chomhroinnt leis na geallsealbhóirí uile.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Iarrataí a fhaightear faoi mhír 5, pointí (c), (d), (e), (k) agus (ka), den Airteagal seo agus faoi Airteagal 13(2), pointe (b), mar aon le nuashonrú rialta ar a stádas, cuirfear ar fáil go poiblí iad ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) Coiste um Measúnú Riosca (‘CMR’), a bheidh freagrach as tuairimí ón nGníomhaireacht ***a ullmhú*** maidir le rioscaí ceimiceán do shláinte an duine nó don chomhshaol; | (c) Coiste um Measúnú Riosca (‘CMR’), a bheidh freagrach as tuairimí ón nGníomhaireacht maidir le ***guaiseacha agus*** rioscaí ceimiceán do shláinte an duine nó don chomhshaol ***a ullmhú***; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (‘CASE’), a bheidh freagrach as tuairimí na Gníomhaireachta ***a ullmhú*** maidir le tionchar socheacnamaíoch beart reachtach a d’fhéadfadh a bheith ann ar ***shubstaintí***; | (d) Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (‘CASE’), a bheidh freagrach as tuairimí na Gníomhaireachta maidir le tionchar socheacnamaíoch beart reachtach a d’fhéadfadh a bheith ann ar ***cheimiceáin a ullmhú***; |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) Tionól de gheallsealbhóirí creidiúnaithe, mar a bhunaítear in Airteagal 41a, a mbeidh sé d’aidhm aige an caidreamh atá idir na geallsealbhóirí creidiúnaithe agus an Ghníomhaireacht a threisiú, agus a rannchuidiú le cúraimí na Gníomhaireachta a éascú;*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) Rúnaíocht, a oibreoidh faoi cheannaireacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus a dhéanfaidh an obair ***is gá don Ghníomhaireacht*** i gcomhréir le reachtaíocht earnála an Aontais, a | (i) Rúnaíocht, a oibreoidh faoi cheannaireacht an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus a dhéanfaidh an obair ***a cheanglaítear ar an nGníomhaireacht a dhéanamh*** i gcomhréir le reachtaíocht |

| | |
|---|---|
| sholáthróidh tacaíocht theicniúil, eolaíoch agus riaracháin do na Coistí agus don Fhóram, agus a áiritheoidh comhordú iomchuí eatarthu; | earnála an Aontais, a sholáthróidh tacaíocht theicniúil, eolaíoch agus riaracháin ***agus fothú acmhainneachta agus oiliúint,*** do na Coistí agus don Fhóram, agus a áiritheoidh comhordú iomchuí eatarthu; |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) beirt ***saineolaithe*** arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa. | (c) beirt ***neamhspleácha*** arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa***, beidh an bheirt sin neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid nó a cuid dualgas agus ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh sé ná sí treoracha ó aon institiúidí, comhlachtaí, oifigí ná gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, ná ó aon rialtas ná aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh cearta vótála ag ionadaithe na mBallstát, ag ionadaithe an Choimisiúin agus ag ***saineolaithe*** arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa. Ní bheidh cearta vótála ag na daoine a dhéanann ionadaíocht ar gheallsealbhóirí, arna gceapadh ag an gCoimisiún. | 2. Beidh cearta vótála ag ionadaithe na mBallstát, ag ionadaithe an Choimisiúin agus ag ***na daoine neamhspleácha*** arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa. Ní bheidh cearta vótála ag na daoine a dhéanann ionadaíocht ar gheallsealbhóirí, arna gceapadh ag an gCoimisiún. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ceardchumainn***;*** | (b) ceardchumainn***, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinte ceirde*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cineálacha cur chuige nach mbíonn ainmhithe i gceist leo;*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Bainistíochta ar bhonn a n-eolais agus a dtaithí ábhartha i réimse na sábháilteachta ceimicí nó na rialála ceimiceán, agus scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha ***á gcur san áireamh***. I gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne ***idir fir agus mná***, beidh sé mar aidhm ag gach páirtí a ainmníonn agus a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta cothromaíocht inscne a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta. Ní bheidh comhaltaí, comhaltaí | 4. Ceapfar comhaltaí an Bhoird Bainistíochta ar bhonn a n-eolais agus a dtaithí ábhartha i réimse na sábháilteachta ceimicí nó na rialála ceimiceán, agus ***aird chuí á tabhairt ar a*** scileanna ábhartha bainistíochta, riaracháin agus buiséadacha. I gcomhréir le prionsabal na córa comhionainne ***idir na hinscní uile***, beidh sé mar aidhm ag gach páirtí a ainmníonn agus a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta cothromaíocht inscne a bhaint amach ar an mBord Bainistíochta. Ní bheidh comhaltaí, comhaltaí |

| | |
|---|---|
| malartacha ná breathnóirí na gCoistí agus an Fhóraim ná a meithleacha incháilithe ***le*** bheith ina gcomhaltaí den Bhord Bainistíochta. | malartacha ná breathnóirí na gCoistí agus an Fhóraim ná a meithleacha incháilithe ***chun*** bheith ina gcomhaltaí den Bhord Bainistíochta. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfar comhaltaí an Bhoird Bainistíochta a ainmniú agus a cheapadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta de bhun Airteagal 9(1), pointe (e).*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta chun leasa na Gníomhaireachta ***amháin***. | 6. Gníomhóidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta ***go heisiach*** chun leasa na Gníomhaireachta ***agus an Aontais***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe s**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (s) rialacha nós imeachta na gCoistí ***agus an*** Fhóraim ***maidir le togra an Fhóraim*** a ghlacadh | (s) rialacha nós imeachta na gCoistí***,*** an Fhóraim***, agus Thionól na ngeallsealbhóirí*** a |

| | |
|---|---|
| ***i gcomhréir le hAirteagal 17(5)***; | ghlacadh; |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe y**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (y) na socruithe praiticiúla a ghlacadh chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] a chomhlíonadh, lena n-áirítear achomhairc nó leigheasanna is gá chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhiúltú páirteach nó iomlán d'iarraidh ar rúndacht; | (y) na socruithe praiticiúla a ghlacadh chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] a chomhlíonadh, lena n-áirítear achomhairc nó leigheasanna is gá chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhiúltú páirteach nó iomlán d'iarraidh ar rúndacht ***dá dtagraítear in Airteagal 37a***; |
| [28] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj). | [28] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj). |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl gur cúis mhór imní dó togra le haghaidh cinneadh a ***cuireadh*** faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta maidir le hábhair a bhaineann le Rialachán | 3. I gcás ina gcuirfidh an Coimisiún in iúl gur cúis mhór imní dó togra le haghaidh cinneadh a ***chuirtear*** faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta maidir le hábhair a bhaineann le Rialachán |

Tarmligthe (AE) 2019/715[29] ón gCoimisiún maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh gníomhaireachtaí rialála díláraithe nó leis na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), ***cuirfidh*** an Bord Bainistíochta glacadh an chinnidh siar. Laistigh de 15 lá, déanfaidh an Bord Bainistíochta é a athscrúdú agus a ghlacadh, ***agus leasú a bheith déanta air más iomchuí, ar an dara léamh, le tromlach dhá thrian, lena n-áirítear ionadaithe an Choimisiúin, nó le tromlach ceithre chúigiú d'ionadaithe na mBallstát***.

[29] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj).

Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún[29] maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh gníomhaireachtaí rialála díláraithe nó leis na Rialacháin Foirne agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile i Rialachán Uimh. 31 (CEE), 11 (CEFA), ***déanfaidh*** an Bord Bainistíochta glacadh an chinnidh ***a chur*** siar. Laistigh de 15 lá, déanfaidh an Bord Bainistíochta é a athscrúdú agus a ghlacadh, agus ***é*** a ***leasú b'fhéidir***, ar an dara léamh.

[29] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/715/oj).

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus an Bhoird ***Bainistíochta***, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin | 3. Gan dochar do chumhachtaí an Choimisiúin agus an Bhoird Bainistíochta, beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin neamhspleách i |

| | |
|---|---|
| neamhspleách i bhfeidhmiú ***a chuid nó a cuid*** dualgas agus ní ***iarrfaidh sé ná sí*** ná ní ghlacfaidh ***sé ná sí*** treoracha ó aon institiúid, comhlacht, oifig ***nó*** gníomhaireacht de chuid an Aontais, ná ó aon rialtas ná ***ó*** aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile. ***Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle maidir le feidhmiú na gcúraimí faoin Rialachán seo nuair a iarrfaidh an institiúid lena mbaineann air déanamh amhlaidh.*** | bhfeidhmiú a ***gcuid*** dualgas agus ní ***lorgóidh*** ná ní ghlacfaidh ***siad*** treoracha ó aon institiúid, comhlacht, oifig ***ná*** gníomhaireacht de chuid an Aontais, ná ó aon rialtas ná aon chomhlacht poiblí nó príobháideach eile. Tuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle maidir le feidhmiú na gcúraimí faoin Rialachán seo nuair a iarrfaidh an institiúid lena mbaineann air déanamh amhlaidh. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos i reachtaíocht earnála an Aontais maidir le tuairimí ***na Gníomhaireachta*** agus na ***gCoistí a ghlacadh***; | (d) a áirithiú go gcomhlíonfar na teorainneacha ama a leagtar síos i reachtaíocht earnála an Aontais maidir le ***glacadh*** tuairimí ***ag an nGníomhaireacht*** agus ***ag*** na ***Coistí agus maidir le neamhspleáchas na dtuairimí sin***; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) comhordú iomchuí agus tráthúil ***a áirithiú*** idir na comhlachtaí éagsúla laistigh den Ghníomhaireacht, lena n-áirítear | (e) comhordú iomchuí agus tráthúil idir na comhlachtaí éagsúla laistigh den Ghníomhaireacht ***a áirithiú***, lena |

| | |
|---|---|
| comhordú maidir le héagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir a dtuairimí eolaíocha***, i gcomhréir le hAirteagal 45***; | n-áirítear comhordú maidir le héagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir a dtuairimí eolaíocha; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) comhordú iomchuí tráthúil le comhlachtaí eile de chuid an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear i ndáil le héagsúlacht tuairimí eolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann dá dtagraítear in Airteagal 45;*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) freagairt iomchuí thráthúil do thuairiscí ar iarrachtaí ar bhrú a chur nó ar iarrachtaí ar thionchair mhíchuí a imirt arna ndéanamh de bhun Airteagal 19(3a) a áirithiú; áireofar taifead ar na tuairiscí agus na freagairtí sin go léir sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (q) den mhír seo; le hanaithnidiú na ndaoine sin a thuairiscigh;*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 5 – pointe p a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(pa) ionadaí na Gníomhaireachta ar an tascfhórsa dá dtagraítear in Airteagal 44 a cheapadh;*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Áiritheoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ionad oibre atá sláintiúil ó thaobh na síceolaíochta de trí aird chuí a thabhairt ar bhearta a théann chun tairbhe don mheabhairshláinte ag an obair.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gach ábhar eile nach gcumhdaítear cheana le mír 1 ná le mír 2(a), a bhaineann le guaiseacha, rioscaí agus úsáid shábháilte substaintí ***ceimiceacha***, leo féin, i meascáin nó in earraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, míreanna 1, 2 agus 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. | (b) gach ábhar eile nach gcumhdaítear cheana le mír 1 ná le mír 2(a), a bhaineann le guaiseacha, rioscaí agus úsáid shábháilte substaintí, leo féin, i meascáin nó in earraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, míreanna 1, 2 agus 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. De bhreis ar na cúraimí dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Coistí, arna iarraidh sin don Stiúrthóir Feidhmiúcháin, an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) tacaíocht theicniúil agus eolaíoch a sholáthar do chéimeanna chun feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas, na Ballstáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tríú tíortha maidir le saincheisteanna eolaíocha agus teicniúla a bhaineann le sábháilteacht substaintí, chomh maith le rannpháirtíocht ghníomhach i gcúnamh teicniúil agus i ngníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta maidir le bainistiú fónta ar cheimiceáin i dtíortha i mbéal forbartha;*** |
| | ***(b) tuairim maidir le haon ghné eile a bhaineann le sábháilteacht substaintí astu féin, i meascáin nó in earraí a tharraingt suas.*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó Ballstát iarraidh a chur faoi bhráid na*** |

| | |
|---|---|
| | ***Gníomhaireachta chun tuairim eolaíoch maidir le hábhair a thagann faoina hinniúlachtaí a eisiúint. Beidh faisnéis chúlra ag gabháil leis an iarraidh ina míneofar an tsaincheist eolaíoch a bhfuil aghaidh le tabhairt uirthi agus leas an Aontais ina leith.*** |
| | ***Féadfaidh an Ghníomhaireacht diúltú d'iarraidh ar thuairim nó leasuithe uirthi a mholadh i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa nó leis an mBallstát nó leis na Ballstáit a rinne an iarraidh. Déanfar na húdair atá leis an diúltú a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa nó don Bhallstát nó do na Ballstáit a rinne an iarraidh.*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfar an líon tuairimí eolaíocha ***sin*** a bheidh le tabhairt agus na hamlínte chun iad a sholáthar a chinneadh ar bhonn bliantúil idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht. | 3. Cinnfear líon na dtuairimí eolaíocha a bheidh le tabhairt ***de bhun mhír 2*** agus na hamlínte chun iad a sholáthar ar bhonn bliantúil idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ceapfaidh gach Ballstát comhalta amháin ar an gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha agus | 4. Ceapfaidh gach Ballstát comhalta amháin ar an gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha agus |

| | |
|---|---|
| féadfaidh sé comhalta malartach amháin a cheapadh ar an gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha. Ceapfar comhaltaí an Choiste um Tháirgí Bithicídeacha ar bhonn a róil agus a dtaithí i gcomhlíonadh na gcúraimí a shanntar don Choiste um Tháirgí Bithicídeacha ***agus féadfaidh siad oibriú laistigh d'údarás inniúil***. | féadfaidh sé comhalta malartach amháin a cheapadh ar an gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha. Ceapfar comhaltaí an Choiste um Tháirgí Bithicídeacha ar bhonn a róil agus a dtaithí i gcomhlíonadh na gcúraimí a shanntar don Choiste um Tháirgí Bithicídeacha. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Arna iarraidh sin do Bhallstát, cuideoidh an Ghníomhaireacht leis an mBallstát sin iarrthóirí ionchasacha lena n-ainmniú ag an mBallstát sin a shainaithint de bhun mhíreanna 1 agus 2. Is ar na Ballstáit a bheidh an oibleagáid i gcónaí iarrthóir a ainmniú, áfach.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is é an Bord Bainistíochta a ***cheapfaidh*** comhaltaí CEST ó liosta iarrthóirí oiriúnacha ***a bhunófar*** tar éis glao ar léiriú spéise arna sheoladh ag an nGníomhaireacht. | Is é an Bord Bainistíochta a ***dhéanfaidh*** comhaltaí CEST ***a roghnú agus a cheapadh*** ó liosta iarrthóirí oiriúnacha a ***dhéanfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a tharraingt suas. Déanfar an liosta a tharraingt suas ar bhonn na n-iarratas a gheofar*** tar éis glao |

| | |
|---|---|
| | ar léiriú spéise arna sheoladh ag an nGníomhaireacht ***agus beidh sé mar aidhm aige dhá oiread ar a laghad an lín iarrthóirí is gá chun na poist in CEST a líonadh agus le haghaidh gach réimse saineolais a áireamh ann***. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 2 – pointe a – pointe iv a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iva) measúnú sábháilteachta ar nana-ábhair;*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 2 – pointe a – pointe v**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (v) ***modhanna malartacha tástála***, agus modheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear modheolaíochtaí cur chuige nua agus teicnící in vitro/nó in silico; | (v) ***cineálacha cur chuige nach mbíonn ainmhithe i gceist leo***, agus modheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear modheolaíochtaí ***ag a bhfuil*** cur chuige nua agus teicnící *in vitro*/ nó *in silico*; |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) neamhspleáchas agus ***an*** easpa coinbhleachtaí leasa. | (b) neamhspleáchas agus easpa coinbhleachtaí leasa***, i gcomhréir leis na rialacha*** |

***arna nglacadh de bhun Airteagal 9(1), pointe (e)***.

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 20 comhalta ***ar a mhéad*** a ***bheidh in CEST***. | ***Beidh*** 20 comhalta ***in CEST agus beidh sé mar aidhm aige beirt chomhaltaí*** ar a ***laghad i ngach réimse saineolais*** a ***bhfuil ionadaíocht á déanamh air a áireamh***. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Déanfar comhaltaí an Choiste a ainmniú agus a cheapadh i gcomhréir leis na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta de bhun Airteagal 9(1), pointe (e).*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Beidh raon leathan saineolais ábhartha i measc a gcomhaltaí ag gach Coiste. Féadfaidh na Coistí comhaltaí | 6. Beidh raon leathan saineolais ábhartha i measc a gcomhaltaí ag gach Coiste. Féadfaidh na Coistí comhaltaí |

| | |
|---|---|
| breise a chomhthoghadh arna roghnú ar bhonn a n-inniúlachta ar leith. Socróidh agus coigeartóidh an Bord Bainistíochta an t-uaslíon comhaltaí comhthofa do ***CMR, CASE agus CEST*** ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus ualach oibre na gcoistí, an cineál saineolais is gá agus infhaighteacht acmhainní airgeadais á gcur san áireamh. ***Féadfaidh Coiste na mBallstát agus CTB cúigear comhaltaí breise ar a mhéad a chomhthoghadh.*** | breise a chomhthoghadh a roghnófar ar bhonn a n-inniúlachta sonraí ***agus éagsúlacht gheografach á cur i gcuntas.*** Socróidh agus coigeartóidh an Bord Bainistíochta an t-uaslíon comhaltaí comhthofa do ***na Coistí*** ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, agus ualach oibre na gcoistí, an cineál saineolais is gá agus infhaighteacht acmhainní airgeadais á gcur i gcuntas. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Ní bheidh cearta vótála ag comhaltaí comhthofa, saineolaithe, comhairleoirí ná geallsealbhóirí.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Soláthróidh na Ballstáit acmhainní eolaíocha agus teicniúla leormhaithe ***do na comhaltaí sin de*** na ***coistí*** a d’ainmnigh nó a cheap siad agus ***éascóidh*** siad gníomhaíochtaí na gcoistí agus a meithleacha. | 9. Soláthróidh na Ballstáit acmhainní eolaíocha agus teicniúla leormhaithe ***agus tacaíocht riaracháin do chomhaltaí sin*** na ***gCoistí*** a d’ainmnigh nó a cheap siad ***lena lamhálfar dá rannpháirtíocht éifeachtach*** agus ***déanfaidh*** siad gníomhaíochtaí na gCoistí |

| | |
|---|---|
| | agus a meithleacha ***a éascú***. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Beidh comhaltaí CMR, CASE agus CEST neamhspleách agus ní ***iarrfaidh*** siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig ná eintiteas eile. Gníomhóidh comhaltaí ***Choiste na mBallstát agus an Choiste um Tháirgí Bithicídeacha ar mhaithe le leas*** an ***phobail***. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena bhfeidhmeanna nó le comhlíonadh a gcúraimí. | 10. Beidh comhaltaí CMR, CASE agus CEST neamhspleách agus ní ***lorgóidh*** siad ná ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon rialtas ná ó aon institiúid, comhlacht, oifig ná eintiteas eile. Gníomhóidh ***na*** comhaltaí ***sin agus comhaltaí MSC agus CTB chun leasa an phobail agus chun leasa*** an ***Aontais***. Staonfaidh siad ó aon ghníomh nach luíonn lena bhfeidhmeanna nó le comhlíonadh a gcúraimí. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Áiritheoidh comhaltaí ***na gCoistí arna n-ainmniú nó*** arna gceapadh ag Ballstát go ndéanfar comhordú iomchuí idir ***cúraimí na Gníomhaireachta*** agus obair ***a*** n-údarás inniúil ***Ballstáit***. | 12. Áiritheoidh comhaltaí ***MSC, agus CTB*** arna gceapadh ag Ballstát go ndéanfar comhordú iomchuí idir ***an obair sna Coistí*** agus obair ***na*** n-údarás inniúil ***ina mBallstát***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| 15. Íocfaidh an Ghníomhaireacht leis an gcomhalta lena mbaineann, nó le fostóir an duine sin dá dtagraítear i mír ***13***, i gcomhréir leis na socruithe airgeadais arna mbunú ag an mBord Bainistíochta tar éis tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún. Bunóidh an Bord Bainistíochta an liosta cúraimí a bhféadfar luach saothair a íoc ina leith tar éis tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún. I gcás ina mainneoidh an comhalta lena mbaineann aon cheann de na cúraimí sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin luach saothair a choinneáil siar. | 15. Íocfaidh an Ghníomhaireacht ***luach saothair*** leis an gcomhalta lena mbaineann, nó le fostóir an duine sin dá dtagraítear i mír ***14***, i gcomhréir leis na socruithe airgeadais arna mbunú ag an mBord Bainistíochta tar éis tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún. Bunóidh an Bord Bainistíochta an liosta cúraimí a bhféadfar luach saothair a íoc ina leith tar éis tuairim dhearfach a fháil ón gCoimisiún. I gcás ina mainneoidh an comhalta lena mbaineann aon cheann de na cúraimí sin a chomhlíonadh, féadfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin luach saothair a choinneáil siar. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus tuairim á hullmhú ***ag na coistí***, déanfaidh ***siad*** a ndícheall teacht ar chomhthoil ***i measc*** a gcomhaltaí. Áireofar sa tuairim na forais atá le seasamh an choiste. Mura féidir teacht ar chomhthoil, is éard a bheidh sa tuairim seasamh thromlach na gcomhaltaí, na seasaimh mhionlaigh agus na forais atá leis na seasaimh thromlaigh agus na seasaimh mhionlaigh faoi seach. ***Foilseofar*** an tuairim. | 2. Agus tuairim á hullmhú ***acu***, déanfaidh ***na Coistí*** a ndícheall teacht ar chomhthoil ***idir*** a gcomhaltaí. Áireofar sa tuairim na forais atá le seasamh an choiste. Mura féidir teacht ar chomhthoil, is éard a bheidh sa tuairim seasamh thromlach na gcomhaltaí**,** na seasaimh mhionlaigh agus na forais atá leis na seasaimh thromlaigh agus na seasaimh mhionlaigh faoi seach. ***Déanfar*** an tuairim ***a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Dréachtóidh gach coiste togra le haghaidh a rialacha nós imeachta féin, a ullmhófar lena ghlacadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus a ghlacfaidh an Bord Bainistíochta ina dhiaidh sin. ***Beidh formheas ionadaithe an Choimisiúin ar*** an ***mBord Bainistíochta ag teastáil*** le ***haghaidh rialacha nós imeachta CMR agus CASE***. | 4. Dréachtóidh gach Coiste togra le haghaidh a rialacha nós imeachta féin, a ullmhófar lena ghlacadh ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus a ghlacfaidh an Bord Bainistíochta ina dhiaidh sin. ***Agus*** rialacha nós imeachta CMR***, CASE agus CEST á n-ullmhú aige, rachaidh*** an ***Stiúrthóir Feidhmiúcháin i gcomhairle*** le hionadaithe an Choimisiúin ar an mBord Bainistíochta. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Leagfar síos i rialacha nós imeachta gach coiste na nósanna imeachta maidir le comhaltaí a ionadú agus comhaltaí a chomhthoghadh, maidir le meithleacha a chruthú agus a eagrú agus maidir le cúraimí áirithe a tharmligean chuig na meithleacha sin, más infheidhme. Bunófar leis na rialacha nós imeachta freisin nós imeachta chun tuairimí a ghlacadh go práinneach agus chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú. ***Foilseofar*** na rialacha nós imeachta. | 5. Leagfar síos i rialacha nós imeachta gach ***Coiste*** na nósanna imeachta maidir le comhaltaí a ionadú agus comhaltaí a chomhthoghadh, maidir le meithleacha a chruthú agus a eagrú agus maidir le cúraimí áirithe a tharmligean chuig na meithleacha sin, más infheidhme. ***Ní dhéanfar glacadh na dtuairimí a tharmligean chuig na meithleacha sin.*** Bunófar leis ***na*** rialacha nós imeachta freisin nós imeachta chun tuairimí a ghlacadh go práinneach agus chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú. ***Déanfar*** na rialacha nós imeachta ***a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. I gcás chruinnithe uile an Choiste, cuirfear achoimrí mionsonraithe ar fáil don phobal in am trátha, chun go mbeidh an pobal in ann an dul chun cinn a dhéantar maidir leis na sainchomhaid agus na míreanna eile a pléadh a leanúint,*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht liosta saineolaithe cothrom le dáta, lena n-áireofar na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 16(1) agus saineolaithe eile arna sainaithint go díreach ag an nGníomhaireacht. | 4. Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht liosta saineolaithe cothrom le dáta, lena n-áireofar na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 16(1) agus saineolaithe eile arna sainaithint go díreach ag an nGníomhaireacht ***chomh maith le cáilíochtaí na saineolaithe sin***. |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Beidh feidhm mutatis mutandis ag na forálacha maidir le neamhspleáchas in | 5. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha maidir le neamhspleáchas in |

| | |
|---|---|
| Airteagal ***14(9)***, maidir ***le*** socruithe conarthacha in Airteagal 14***(13)*** agus maidir leis na socruithe airgeadais le haghaidh luach saothair in Airteagal 14***(14)*** maidir le haon saineolaí atá ag ***fónamh*** i meitheal de chuid na gCoistí nó an Fhóraim nó a dhéanann aon chúram eile le haghaidh na Gníomhaireachta. | Airteagal ***14(10)***, ***agus*** maidir ***leis na*** socruithe conarthacha in Airteagal 14***(14)*** agus maidir leis na socruithe airgeadais le haghaidh luach saothair in Airteagal 14***(15)*** maidir le haon saineolaí atá ag ***feidhmiú*** i meitheal de chuid na gCoistí nó an Fhóraim nó a dhéanann aon chúram eile le haghaidh na Gníomhaireachta ***a chomhlíonadh***. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Dréachtóidh an Fóram togra le haghaidh a rialacha nós imeachta féin chuig an mBord Bainistíochta. Leagfar síos sna rialacha nós imeachta na nósanna imeachta maidir leis an gCathaoirleach a cheapadh agus a ionadú, maidir le comhaltaí a ionadú agus maidir le cúraimí áirithe a tharmligean chuig meithleacha. | 5. Dréachtóidh an Fóram togra le haghaidh a rialacha nós imeachta féin a ***bheidh le glacadh ag*** an mBord Bainistíochta. Leagfar síos sna rialacha nós imeachta na nósanna imeachta maidir leis an gCathaoirleach a cheapadh agus a ionadú, maidir le comhaltaí a ionadú agus maidir le cúraimí áirithe a tharmligean chuig meithleacha. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Foilseoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ***comhaltas*** na gCoistí agus an Fhóraim ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta. Féadfaidh comhaltaí aonair a iarraidh nach | 1. Foilseoidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ***ballraíocht*** na gCoistí agus an Fhóraim ***agus liosta na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 16(4)*** ar shuíomh gréasáin na |

| | |
|---|---|
| gcuirfear a n-ainmneacha ar fáil don phobal má chreideann siad go bhféadfadh an foilsiú sin iad a chur i mbaol. ***Cinnfidh*** an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ***cé acu a*** aontóidh ***nó nach n-aontóidh*** sé leis na hiarrataí sin. Nuair a fhoilseofar ceapachán comhalta, foilseofar cáilíochtaí gairmiúla an chomhalta sin freisin. | Gníomhaireachta. Féadfaidh comhaltaí ***agus saineolaithe*** aonair a iarraidh nach gcuirfear a n-ainmneacha ar fáil don phobal má chreideann siad go bhféadfadh an foilsiú sin iad a chur i mbaol. ***Déanfaidh*** an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ***cinneadh i dtaobh an*** aontóidh sé leis na hiarrataí sin. Nuair a fhoilseofar ceapachán comhalta, foilseofar cáilíochtaí gairmiúla an chomhalta sin freisin. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ag ***cruinnithe*** de chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta, ***dearbhóidh*** an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, cathaoirligh agus comhaltaí na gCoistí agus an Fhóraim agus aon ***saineolaithe rannpháirteacha*** aon leasanna breise a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach d'oibleagáidí na gcomhaltaí de bhun Airteagal 14(10) ***i dtaca*** le haon phointe ar an gclár oibre. Ní ***ghlacfaidh*** duine a dhearbhaigh na leasanna sin ***páirt*** sa vótáil ar an bpointe ábhartha. | 3. Ag ***gach cruinniú***, ***déanfaidh*** comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, cathaoirligh agus comhaltaí na gCoistí agus an Fhóraim agus aon ***saineolaí agus comhairleoir rannpháirteach dearbhú i leith*** aon leasanna breise a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach d'oibleagáidí na gcomhaltaí de bhun Airteagal 14(10) ***maidir*** le haon phointe ar an gclár oibre. Ní ***bheidh*** duine a dhearbhaigh na leasanna sin ***rannpháirteach*** sa vótáil ar an bpointe ábhartha. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***3a. Déanfaidh comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, cathaoirligh agus comhaltaí na gCoistí agus an Fhóraim agus aon saineolaí agus comhairleoir rannpháirteach aon iarrachtaí ar bhrú a chur nó ar thionchar míchuí a spriocdhírítear orthu a thuairisciú gan mhoill don Stiúrthóir Feidhmiúcháin.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoi dheireadh gach bliana, bunaithe ar ***an dréacht*** ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, formhuineoidh an Bord Bainistíochta dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh an méid seo a leanas: | Faoi dheireadh gach bliana, bunaithe ar ***thogra*** ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, formhuineoidh an Bord Bainistíochta dréachtdoiciméad clársceidealaithe aonair ina mbeidh an méid seo a leanas: |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) measúnú ar leorgacht acmhainní airgeadais agus daonna na Gníomhaireachta chun na cúraimí atá uirthi faoi láthair agus a bheidh uirthi amach anseo a chur i gcrích;*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe d b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(db) straitéis maidir le húsáid éifeachtach na gcomhaltaí agus na saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 14(6), agus in Airteagail 16 agus 35 faoi seach;*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 1 – pointe d c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(dc) straitéis maidir leis na riachtanais agus na speansais a bhfuiltear ag súil leo mar thoradh ar iasacht de bhun Airteagal 35(2a) agus maidir le haon chinneadh chun tacaíocht airgeadais a dheonú d'údaráis, do ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí taighde náisiúnta chun cúraimí áirithe a chur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 41b.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***4a. Socrófar táillí agus muirir arna dtobhach faoi reachtaíocht earnálach an Aontais ar leibhéal a bheidh leordhóthanach chun costais na seirbhísí a sholáthraítear i gcomhréir leis an reachtaíocht*** |

| | |
|---|---|
| | ***sin a chumhdach.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Laistigh de theorainneacha an bhuiséid arna ghlacadh i gcomhréir le rialacha buiséadacha an Aontais, cinnfidh an Ghníomhaireacht leithdháileadh inmheánach na n-acmhainní airgeadais ar a gníomhaíochtaí agus cúraimí go léir, i gcomhréir lena sainordú agus lena doiciméid chlársceidealaithe.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí leis an gcúlchiste ach amháin ó thorthaí buiséid dheireadh na bliana de réir bhrí Airteagal 99(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715, i gcás ina mbeidh na torthaí sin dearfach agus ina n-eascróidh siad as ioncam ó tháillí agus ***ó mhuirir*** a bhailítear atá níos airde ná na méideanna buiséadaithe in aon bhliain ar leith; | (a) ní dhéanfaidh an Ghníomhaireacht ranníocaíochtaí leis an gcúlchiste ach amháin ó thorthaí buiséid dheireadh na bliana de réir bhrí Airteagal 99(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715, i gcás ina mbeidh na torthaí sin dearfach agus ina n-eascróidh siad as ioncam ó tháillí agus ***muirir*** a bhailítear atá níos airde ná na méideanna buiséadaithe ***sa bhuiséad leasaithe deireanach arna fhormheas ag Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta*** in aon bhliain |

| | |
|---|---|
| | ar leith; |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tráth ar bith, ní rachaidh an cúlchiste a áirítear i mbliain N sa dréachtbhuiséad don bhliain N+ 1 thar ***8 % den*** mhéid iarbhír ***iomlán*** a réadaíodh ***i mbliain N-1*** d'ioncam na Gníomhaireachta ó na táillí agus na muirir dá dtagraítear i mír 3, pointe ***(b) agus ó ranníocaíocht an Aontais dá dtagraítear i mír 3, pointe (a), agus ní bheidh sé níos mó ná 8 % de mhéid iarbhír iomlán an chaiteachais riaracháin agus oibríochtúil a réadaíodh i mbliain N-1, cibé méid is ísle;*** | (b) tráth ar bith, ní rachaidh an cúlchiste a áirítear i mbliain N sa dréachtbhuiséad don bhliain N+1 thar ***15*** % ***de mheán an*** mhéid iarbhír ***iomláin*** a réadaíodh ***le 5 bliana anuas*** d'ioncam na Gníomhaireachta ó na táillí agus na muirir dá dtagraítear i mír 3, pointe (***b***); |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 5 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) tuairisceoidh an Ghníomhaireacht go bliantúil, mar chuid dá Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí, ar iarmhéid tosaigh, insreabhadh, eis-sreabhadh agus réasúnuithe an chúlchiste.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Féadfaidh*** an Coimisiún ***athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha don chúlchiste a leagtar amach i mír 5, agus tugtar de chumhacht dó gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(1) chun mír 5 a leasú ar bhonn athbhreithniú den sórt sin***. | 6. ***Cuirfidh*** an Coimisiún ***measúnú*** ar ***fheidhmiú an*** chúlchiste ***faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa*** agus ***na Comhairle ag deireadh an cheathrú bliain d'oibriú an chúlchiste.*** I ***gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle d'fhonn an cúlchiste a oiriúnú***. |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 30 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar a cuid costas agus soláthróidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, ar bhealach tráthúil mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí a chuirtear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Iniúchóirí, faisnéis mhionsonraithe, a bhfuil bunús léi, faoi na costais atá le cumhdach leis na táillí agus na muirir atá faoi raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 30a*** |
| | ***Athbhreithniú ar na táillí*** |
| | ***1. Tráth nach déanaí ná ... [2 bhliain tar éis dháta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar a leormhaithe atá an buiséad agus déanfaidh sé na táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht a oiriúnú dá réir, go háirithe chun a áirithiú gur leor an t-ioncam a thagann ó na táillí, nuair a chuirtear le foinsí eile ioncaim de chuid na Gníomhaireachta iad, chun costas na seirbhísí a sholáthraítear a chumhdach.*** |
| | ***2. Tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis ... [dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ar a leormhaithe atá an buiséad i ndáil leis na táillí is iníoctha leis an nGníomhaireacht agus ar chomhleanúnachas agus comhdhlúthú na dtáillí.*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Saineolaithe náisiúnta ar iasacht |

| | |
|---|---|
| agus baill foirne eile | agus baill foirne eile ***atá ar iasacht chun leasa na seirbhíse*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfar oifigigh agus seirbhísigh eile atá fostaithe ag an nGníomhaireacht, chun leasa na seirbhíse agus i gcomhréir le hAirteagal 37 de na Rialacháin Foirne de Rialachán Uimh. 31(CEE), 11 (CEFA) agus Airteagal 51 de na Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile de Rialachán Uimh. 31(CEE), 11 (CEFA), a thabhairt ar iasacht d'údaráis inniúla na mBallstát nó do chomhlachtaí poiblí eile a gcuirtear cúraimí a bhaineann le sainordú na Gníomhaireachta ar a n-iontaoibh.*** <br> ***Ní imreoidh an iasacht sin tionchar ar acmhainneacht, cúraimí ná obair na Gníomhaireachta ná ní dhéanfaidh an iasacht sin difear do neamhspleáchas na foirne lena mbaineann agus beidh sí faoi réir coimircí iomchuí maidir le coinbhleachtaí leasa agus rúndacht.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 35 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Féadfaidh an Bord Bainistíochta cinneadh a ghlacadh ina leagfar síos na coinníollacha faoina ndéanfar sannacháin shealadacha nó iasachtaí sealadacha chun leasa na seirbhíse amhail dá dtagraítear i mír 2a.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ***na faisnéise agus na sonraí uile eile nach gcumhdaítear le mír 1, déanfaidh an Bord Bainistíochta, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhaontú leis an gCoimisiún, rialacha a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh faisnéis rialála, eolaíoch agus theicniúil ar fáil don phobal*** maidir le sábháilteacht substaintí astu féin, i meascáin nó in earraí ***i gcás nach faisnéis de chineál rúnda í an fhaisnéis sin mar atá sainmhínithe i reachtaíocht earnála*** an Aontais. | 2. I gcás na faisnéise ***rialála***, ***eolaíche*** agus ***teicniúla uile atá i seilbh na Gníomhaireachta*** maidir le sábháilteacht substaintí astu féin, i meascáin nó in earraí ***agus*** nach ***gcumhdaítear le mír 1, Airteagal 37a, beidh feidhm aici, gan dochar d'fhorálacha sonracha*** i reachtaíocht an Aontais ***maidir le nochtadh faisnéise***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***Airteagal 37a***

***Rochtain ar dhoiciméid***

***1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] maidir le doiciméid atá i seilbh na Gníomhaireachta.***

***2. Glacfaidh an Bord Bainistíochta na socruithe praiticiúla chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 chomh maith le hAirteagail 6 agus 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 a chur chun feidhme, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain chomh forleathan agus is féidir ar dhoiciméid atá ina sheilbh.***

***3. Féadfaidh cinntí arna nglacadh ag an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman nó a bheith ina n-ábhar caingne os comhair na Cúirte Breithiúnais, faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 228 agus 263 den CFAE faoi seach.***

---

***[1a] Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le forálacha Choinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil a chur i bhfeidhm ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an Aontais (IO L 264, 25.9.2006, lgh. 13. ELI:***

| | |
|---|---|
| | ***http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1367/oj).*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí na gCoistí, an Bhoird Achomhairc agus an Fhóraim, saineolaithe ***seachtracha*** atá rannpháirteach i meithleacha, agus baill foirne na Gníomhaireachta, comhlíonfaidh siad na ceanglais rúndachta a leagtar amach in Airteagal 339 CFAE, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais. | 3. Comhaltaí an Bhoird Bainistíochta, an Stiúrthóir Feidhmiúcháin, comhaltaí na gCoistí, an Bhoird Achomhairc agus an Fhóraim, saineolaithe atá rannpháirteach i meithleacha, agus baill foirne na Gníomhaireachta, comhlíonfaidh siad na ceanglais rúndachta a leagtar amach in Airteagal 339 CFAE, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 41a*** |
| | ***Tionól na ngeallsealbhóirí creidiúnaithe*** |
| | ***1. Chun críche Airteagal 41, déanfaidh an Ghníomhaireacht Tionól de gheallsealbhóirí creidiúnaithe a bhunú agus a chomhordú. (an 'Tionól').*** |
| | ***2. Beidh sé d'aidhm ag an Tionól an caidreamh atá idir na geallsealbhóirí creidiúnaithe agus an Ghníomhaireacht a threisiú, agus a rannchuidiú le cúraimí*** |

***na Gníomhaireachta a éascú.***

***3. Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin nó ionadaí de chuid an Stiúrthóra Feidhmiúcháin i dteideal freastal ar chruinnithe uile an Tionóil. Beidh ionadaí ón nGníomhaireacht ina chathaoirleach ar an Tionól. Déanfar liosta de gheallsealbhóirí atá creidiúnaithe ag an nGníomhaireacht a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.***

***4. Tarraingeoidh an Bord Bainistíochta suas liosta de chomhaltaí an Tionóil a roghnaítear as measc na ngeallsealbhóirí dá dtagraítear in Airteagal 15(1) agus áiritheoidh sé ionadaíocht chothrom ar ionadaithe tionscail agus ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta i measc na gcomhaltaí sin.***

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 41b*** |
| | ***Líonrú údarás, gníomhaireachtaí agus institiúidí taighde náisiúnta*** |
| | ***1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht líonrú údarás, gníomhaireachtaí agus institiúidí taighde náisiúnta a oibríonn i réimsí inniúlachta na Gníomhaireachta a éascú. Is é is aidhm don líonrú sin, go háirithe, creat comhair*** |

*eolaíoch a éascú trí ghníomhaíochtaí a chomhordú, trí fhaisnéis a mhalartú, trí thionscadail chomhpháirteacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus trí shaineolas agus dea-chleachtais a mhalartú i réimsí inniúlachta na Gníomhaireachta.*

*2. Chun críche an Airteagail seo, déanfaidh an Bord Bainistíochta, ag gníomhú dó ar thogra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin, liosta a tharraingt suas, a chuirfear ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, d'údaráis, de ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí taighde náisiúnta dá dtagraítear i mír 1 arna n-ainmniú ag na Ballstáit, a fhéadfaidh cúnamh a thabhairt don Ghníomhaireacht, ina n-aonar nó i líonraí, i dtaca lena cúraimí. Gan dochar do na cúraimí a chuirtear ar iontaoibh na Gníomhaireachta sa reachtaíocht earnálach, féadfaidh an Ghníomhaireacht cúraimí áirithe a chur ar iontaoibh na n-údarás, na ngníomhaireachtaí agus na n-institiúidí taighde náisiúnta sin, go háirithe obair ullmhúcháin le haghaidh tuairimí eolaíocha, cúnamh eolaíoch agus teicniúil, bailiú sonraí agus sainaithint rioscaí atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh sé go mbeadh cuid de na cúraimí sin incháilithe le haghaidh tacaíocht airgeadais i gcomhréir le mír 3.*

*3. Glacfaidh an Bord*

| | |
|---|---|
| | ***Bainistíochta cinntí chun tacaíocht airgeadais a dheonú d'údaráis, do ghníomhaireachtaí agus d'institiúidí taighde náisiúnta ar an liosta dá dtagraítear i mír 2 chun cúraimí áirithe a chur chun feidhme.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le substaintí agus teicneolaíochtaí malartacha atá níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chur in ionad na gceimiceán is díobhálaí agus maidir le modheolaíochtaí eolaíocha ábhartha ***a fhorbairt***, lena n-áirítear cineálacha cur chuige ***saor ó ainmhithe***, chun measúnú a dhéanamh ar ghuaiseacha ceimiceán chomh maith le rioscaí agus tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid ceimiceán. Áireofar ***leis*** an gcúnamh sin malartú faisnéise a éascú chomh maith le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ábhartha taighde, forbartha agus nuálaíochta agus iad a éascú laistigh de raon feidhme reachtaíocht ***earnála*** ábhartha an Aontais. | ***1.*** Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún maidir le substaintí agus teicneolaíochtaí malartacha atá níos sábháilte agus níos inbhuanaithe a chur in ionad na gceimiceán is díobhálaí agus ***ceimiceán guaiseach eile agus grúpaí díobh agus*** maidir le ***forbairt, glacadh ar bhonn rialála, glacadh agus bailíocht idirnáisiúnta*** modheolaíochtaí eolaíocha ábhartha, lena n-áirítear cineálacha cur chuige ***nach mbíonn*** ainmhithe ***i gceist leo***, chun measúnú a dhéanamh ar ghuaiseacha ceimiceán chomh maith le rioscaí agus tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann le húsáid ceimiceán. Áireofar ***ar*** an gcúnamh sin malartú faisnéise a éascú***, rannchuidiú le riachtanais giniúna sonraí a shainiú,*** chomh maith le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí ábhartha taighde, forbartha agus nuálaíochta agus iad a éascú laistigh de raon feidhme reachtaíocht ***earnálach*** ábhartha an Aontais***, lena n-áirítear Rialachán (AE) 2021/695 ó*** |

***Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], agus easpósómaíochtaí i gcás inarb iomchuí***.

___

[1a] ***Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).***

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Foilseoidh an Ghníomhaireacht tuarascáil bhliantúil ina gcuirfear i láthair a moltaí ar bhearnaí eolais agus ar bhearnaí sonraí ó thaobh eolaíocht rialála agus riachtanais rialála de, chomh maith le heolaíocht thaiscéalaíoch agus bhunúsach, in aon réimse laistigh dá hinniúlacht, agus rioscaí atá ag teacht chun cinn á gcur i gcuntas agus i ndlúthchomhar agus in idirghníomhaíocht bhuan le comhlachtaí ábhartha de chuid an Aontais agus le comhlachtaí ábhartha*** |

| | |
|---|---|
| | ***idirnáisiúnta.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibreoidh an Ghníomhaireacht i gcomhar le comhlachtaí eile arna mbunú faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair, ach gan a bheith teoranta dóibh, maidir le tuairimí eolaíocha ábhartha a sholáthar, maidir le sonraí agus faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear an fhéidearthacht formáidí sonraí gaolmhara agus foclóiríní rialaithe a bhunú chun an malartú sin a éascú, agus maidir le modheolaíochtaí eolaíocha a fhorbairt, lena n-áirítear cineálacha cur chuige atá ***saor ó ainmhithe***, chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin. | ***1.*** Oibreoidh an Ghníomhaireacht i gcomhar le comhlachtaí eile arna mbunú faoi dhlí an Aontais, lena n-áirítear an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú ***(ECDC)***, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ***(EEA)***, an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ***(EFSA)***, an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach ***(EMA)*** agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair ***(EU-OSHA)***, ach gan bheith teoranta dóibh sin, maidir le tuairimí eolaíocha ábhartha a sholáthar, maidir le sonraí agus faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear an fhéidearthacht formáidí sonraí gaolmhara agus foclóirí rialaithe a bhunú chun an malartú sin a éascú, agus maidir le modheolaíochtaí eolaíocha a fhorbairt, lena n-áirítear cineálacha cur chuige ***nach mbíonn ainmhithe i gceist leo***, chun measúnú a dhéanamh ar cheimiceáin. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht comhar le Saotharlann Tagartha an Aontais Eorpaigh um roghanna malartacha ar thástáil ar ainmhithe (EURL ECVAM), go háirithe maidir le modheolaíochtaí eolaíocha agus gníomhaíochtaí oiliúna a fhorbairt.*** |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Bunófar tascfhórsa buan (an 'tascfhórsa') leis an nGníomhaireacht, EFSA, EMA, ECDC, EEA agus EU-OSHA.*** |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Díreoidh an tascfhórsa go príomha ar shaincheisteanna trasearnála ar féidir leo leas a bhaint as cur chuige Aon Sláinte Amháin agus as cur chuige easpósóim. Déanfaidh an tascfhórsa forbairt ar shásraí comhair atá cheana ann, lena ndéanfar sineirgí a uasmhéadú agus dúbláil a sheachaint.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1d. Déanfaidh an Ghníomhaireacht obair an tascfhórsa a chomhordú go ceann 12 mhí tar éis bhunú an tascfhórsa. Déanfar uainíocht ar chomhordú agus ar chathaoirleacht obair an tascfhórsa idir na gníomhaireachtaí gach 12 mhí ina dhiaidh sin i gcomhréir lena chreat gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1l, lena n-áirítear an comhordú ar chruinnithe agus ar ghníomhaíochtaí an tascfhórsa a stiúradh.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1e. Beidh an tascfhórsa comhdhéanta d’fhoirne as gach gníomhaireacht dá dtagraítear i mír 1b. Ceapfaidh Stiúrthóir Feidhmiúcháin gach gníomhaireachta ionadaí chuig an tascfhórsa agus tuairisceoidh na hionadaithe dá Stiúrthóirí Feidhmiúcháin faoi seach maidir le dul chun cinn. Iarrfar ar ionadaí ón gCoimisiún a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an tascfhórsa chun dlúthchomhar idir an tascfhórsa agus an Coimisiún a áirithiú.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1f. Bunóidh gach gníomhaireacht dá dtagraítear i mír 1b pointe fócasach laistigh den ghníomhaireacht sin chun a n-ionchur faoi seach i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha a chomhordú agus chun seasamh na gníomhaireachta sin maidir le hábhair straitéiseacha a chur in iúl. Coinneoidh gach pointe fócasach a sásraí bainistíochta agus idirghníomhaireachta féin ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha faoin tascfhórsa.*** |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1g. Féadfaidh comhaltaí an Tascfhórsa féachaint le teagmháil a dhéanamh le hionadaithe eile ó gach gníomhaireacht le haghaidh ionchuir agus comhairle chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí, de réir mar is gá.*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 44 – mír 1 h (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1h. Féadfaidh breathnóirí agus saineolaithe seachtracha freastal ar chruinnithe an tascfhórsa de réir mar is gá agus nuair is gá, i gcomhaontú le comhaltaí an tascfhórsa.*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1i. Ní ghníomhóidh an tascfhórsa mar chomhlacht cinnteoireachta. Féadfaidh an tascfhórsa moltaí le haghaidh gníomhaíochta a mholadh do bhainistíocht shinsearach na ngníomhaireachtaí. Beidh ról comhairleach ag ionadaithe gach gníomhaireachta sa tascfhórsa do na Stiúrthóirí Feidhmiúcháin agus do lucht bainistíochta sinsearaí a gníomhaireachta féin agus rachaidh siad i dteagmháil leis an gCoimisiún agus le geallsealbhóirí eile chun ionchur agus comhairle a fháil, de réir mar is iomchuí.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 j (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***1j. Tiocfaidh an tascfhórsa le chéile 6 huaire sa bhliain ar a laghad, le cruinniú fisiciúil bliantúil amháin ar a laghad de chineál níos straitéisí. Féadfar cruinnithe ad hoc a eagrú, de réir mar is gá.***

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 k (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1k. Faoin 31 Nollaig gach bliain, déanfaidh comhaltaí an tascfhórsa creat gníomhaíochta bliantúil a tharraingt suas agus a fhormhuiniú ina ndéanfar cur síos ar phlean maidir le hobair chomhpháirteach na hAon Sláinte Amháin agus obair easpósóim na ngníomhaireachtaí dá dtagraítear i mír 1b.*** |
| | ***Áireofar sa chreat gníomhaíochta cuspóirí atá le saothrú ag an tascfhórsa, gníomhaíochtaí agus torthaí nithiúla chun iad a bhaint amach, agus neas-amlíne maidir le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin, agus beidh sé bunaithe ar na cuspóirí seo a leanas a mhéid a bhaineann le hAon Sláinte Amháin agus easpósóm:*** |
| | ***(a) comhordú straitéiseach ina chur chun feidhme a éascú;*** |
| | ***(b) comhordú taighde a chur chun cinn;*** |
| | ***(c) fothú acmhainneachta a fheabhsú;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(d) cumarsáid agus rannpháirtíocht na ngeallsealbhóirí a neartú;*** |
| | ***(e) tacú leis an bhforbairt ar chomhpháirtíochtaí.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 l (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1l. Beidh an creat gníomhaíochta dá dtagraítear i mír 1l comhsheasmhach le sainorduithe gach gníomhaireachta faoi seach agus ní chuirfidh sé bac ar a ngníomhaíochtaí reachtúla.*** |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina sainaithneoidh an Ghníomhaireacht foinse éagsúlachta a d’fhéadfadh a bheith ann, déanfaidh sí teagmháil leis an gcomhlacht lena mbaineann chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis ábhartha eolaíoch nó theicniúil uile agus chun na saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d’fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint. | 2. I gcás ina sainaithneoidh an Ghníomhaireacht foinse éagsúlachta ionchasach ***dá dtagraítear i mír 1,*** rachaidh sí i dteagmháil leis an gcomhlacht ***eile*** lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis eolaíoch nó theicniúil ábhartha uile agus chun na saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d’fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 45 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Oibreoidh an Ghníomhaireacht agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar le chéile chun an éagsúlacht a réiteach. Mura bhfuil an Ghníomhaireacht agus an comhlacht lena mbaineann in ann an éagsúlacht a réiteach, déanfaidh siad tuarascáil chomhpháirteach a tharraingt suas. Leagfar amach go soiléir sa tuarascáil na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha, sainaithneofar inti na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus na bunchúiseanna atá leis na tuairimí ***éagsúla***, lena n-áirítear tuairimí ***maidir le*** difríochtaí modheolaíochta, agus cuirfear ar fáil go poiblí iad. I gcás inar gníomhaireacht de chuid an Aontais nó coiste eolaíochta an comhlacht lena mbaineann, cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin. | 3. Oibreoidh an Ghníomhaireacht agus an comhlacht ***eile*** lena mbaineann i gcomhar le chéile chun an éagsúlacht a réiteach, ***agus an cuspóir maidir le hardleibhéal cosanta don tsláinte agus don chomhshaol á chur san áireamh.*** Mura bhfuil an Ghníomhaireacht agus an comhlacht ***eile*** lena mbaineann in ann an éagsúlacht a réiteach, déanfaidh siad tuarascáil chomhpháirteach a tharraingt suas. Leagfar amach go soiléir sa tuarascáil na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha, sainaithneofar na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus tabharfar na bunchúiseanna atá le ***héagsúlacht*** tuairimí, lena n-áirítear ***cúiseanna a bhaineann le*** difríochtaí modheolaíocha. ***Déanfar an tuarascáil*** a chur ar fáil go poiblí. I gcás inar gníomhaireacht de chuid an Aontais nó coiste eolaíoch é an comhlacht ***eile*** lena mbaineann, cuirfidh an Ghníomhaireacht an tuarascáil chomhpháirteach faoi bhráid an Choimisiúin ***freisin.*** |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 46*** | ***scriosta*** |
| ***Cumhachtaí tarmligthe*** | |
| ***1. Déanfar an chumhacht chun*** | |

***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 29(6) a thabhairt don Choimisiún faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo agus ar feadh tréimhse 5 bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5-bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse 5 bliana.***

***2. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 12 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.***

***3. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe***

***arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[38].***

***4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.***

***5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.***

______________

***[38] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.***

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 48 – mír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (3) in Airteagal 77, ***scriostar*** mír 1; | (3) in Airteagal 77, scriostar mír 1***, agus mír 3, pointe (b), agus (c)***; |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Meastóireacht | Meastóireacht ***agus athbhreithniú*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú mar sin. | 2. Tabharfar aghaidh sa mheastóireacht ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a mhodhnú, agus ar na himpleachtaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag aon mhodhnú mar sin. ***Déanfar measúnú sa mheastóireacht freisin ar fheidhmiú na gCoistí agus i dtaobh an mbeadh sé iomchuí Airteagail 14 agus 15 den Rialachán seo a ailíniú nó a oiriúnú.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh an Coimisiún | 3. Cuirfidh an Coimisiún |

tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Bhoird Bainistíochta ar thorthaí na meastóireachta. Áireofar plean gníomhaíochta agus tráthchlár, más iomchuí. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na meastóireachta ar fáil go poiblí.

tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Bhoird Bainistíochta ar thorthaí na meastóireachta. Áireofar plean gníomhaíochta agus tráthchlár, más iomchuí. ***Déanfaidh*** an ***Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.*** Cuirfidh an Coimisiún torthaí ***na*** meastóireachta ar fáil go poiblí.